

# **Cothromaíocht**

## **Réasúnacht**

Cuireadh an polasaí seo le chéile le cinntiú go bhfuil foireann agus Bord Bainistíochta na scoile ag cloí leis an méid atá leagtha amach san Acht Oideachas 1998, An tAcht Cothromaíocht 2000 agus an tAcht Cothromaíocht Fostaíocht 1998 agus chun cothromaíocht a chur chun cinn taobh istigh de phobal na scoile.

## **An Gaol le meon na scoile**

Sé an meon atá ag Scoil Oilibhéir Pluincéid Rann na Feirste nó na páistí a ullmhú do saol i sochaí il-chultúrtha agus chun meas do gach duine a chothú iontu chomh maith le cothromaíocht a thabhairt do bhuachaillí agus do chailíní i ngnéithe curaclam agus spóirt.

## **Aidhmeanna**

Seo a leanas na h-aidhmeanna atá ag an scoil maidir le cothromaíocht:

- Cinntiú go gcloífidh an scoil leis an méid atá leagtha amach san Acht Stádas Cothromaíocht 2000.
- Go mothaíonn gach duine inár scoil go bhfuil tábhacht leo agus go bhfuil meas orthu.
- Timpeallacht dearfach a chruthú; áit a dhéanfar éagsúlacht a cheiliúradh.
- Go mbeidh deiseanna cothrom ag gach duine.
- Go mbeidh na páistí ullmhaithe do saol i sochaí il-chultúrtha éagsúlachta agus go mbeidh siad bródúil as a gcultúr féin.

## **Iontrála**

- Cuirtear fáilte roimh paistí ó gach cultúr, reiligiún, inscne, páistí ón lucht taisteal, páistí le riachtanais speisialta (nuair atá na h-aiseanna ar fáil sa scoil dóibh). Tá pobal na scoile eolach ar an méid atá leagtha amach san Acht Stádas Cothromaíocht 2000.
- Maidir le ranganna Teagasc Críostaí agus ranganna RSE, tá cead ag an tuismitheoir a bpáiste a thógáil as an rang muna mian leo go mbeadh a bpáiste páirteach sa rang. Nó is féidir leis an múinteoir obair eile a tabhairt don pháiste más mian leis an tuismitheoir.
- Tugtar le fios do thuismitheoirí gur scoil Chaitliceach í an scoil agus iad ag clárú a bpáiste.
- Tá spás do ainm beirt thuismitheoir ar foirm iontrála na scoile. Tá sé suas ag an tuismitheoir atá ag clárú a bpáiste an méid eolas atá siad ag iarraidh a thabhairt don scoil.

## **Foireann**

- Tugann Bord Bainistíocht na scoile cothrom na féinne do gach duine a chuireann isteach ar phost sa scoil. Tá sé suas ag Chathaoirleach an Bhord é seo a chinntiú.
- Cloíonn an Bord Bainistíocht leis an méid atá leagtha amach sa CPSMA agus iad ag fógart post agus ag roghnú baill úr d'fhoireann na scoile.
- Tá polasaí ag an scoil maidir le Ciapadh agus Bulaíocht agus cloífear leis an mhéid atá leagtha amach ann.
- Muna bhfuil an múinteoir sásta leis an rang atá a theagasc acu, is féidir é a phlé leis an príomhoide agus déanfar cinneadh cé acu na ranganna a bhogadh thart.
- Cloífear leis na treoirlínte atá leagtha síos ag an Roinn maidir le sos gairme, sos staidéar, saoire máithreacha, srl.

## **Teagmháil Scoil/Baile**

I gcásanna a bhfuil tuismitheoirí scartha - cuirfear fógra sa nuacht litir áitiúil agus Raidió na Gaeltachta faoi lá iontrála. Tabharfaidh seo deis do thuismitheoirí teacht agus a bpáiste a chlárú le chéile. Beidh deis ag na tuismitheoirí labhairt leis an múinteoir agus socrúithe a dhéanamh faoi m.sh. an gcuirfear cuireadh ag an bheirt tuismitheoir le teacht chuig cruinniú na dtuismitheoirí le chéile nó ag amanna difriúil srl.

I gcásanna nach bhfuil Gaeilge ag na tuismitheoirí cuirfear amach tuairisc scoile agus nótaí scoile dhátheangach.

I gcásanna nach bhfuil Béarla ag na tuismitheoirí (náisiúntacht eile) moltar díofa ranganna Gaeilge agus Béarla a ghlacann.

### **Coiste na dTuismitheoirí**

Cuirtear ainm gach tuismitheoir chun tosaí do Choiste na dTuismitheoirí agus roghnóidh na tuismitheoirí coiste trí vótáil.

### **Éide Scoile**

Tá rogha ag na cailíní sciorta nó briste a chaithimh.

### **Tinreamh**

Tá na tuismitheoirí eolach faoin méid a atá leagtha amach faoi tinreamh san Acht Oideachas 2000 agus cloífidh an scoil leis an méid atá leagtha amach sa Pholasáí Tinreamh.

### **Lón**

Tá sé mar pholasáí ag an scoil go gcaithfidh gach páistí lón sláintiúil a bheith leo gach lá.

### **Cód Smachta**

Cloíonn an scoil leis an méid atá leagtha amach i gcód smachta na scoile le cinntiú go bhfuil dearcadh dearfach sa scoil agus go mbeidh meas ag na páistí ar a chéile.

### **Insealbhú Daltaí/Baill Foirne Úr**

- Nuair a thagann páistí úra na scoile labharfaidh an príomhoide agus an múinteoir ranga leis an tuismitheoir. Ar an chéad lá cuirtear an páiste in aithne don chuid eile don rang. Coinníonn na múinteoirí súil amach sa chlos le feiceáil an bhfuil na páistí eile ag súgradh leis/lei. Beidh an múinteoir i dteagmháil leis an tuismitheoir má bhíonn fadhb ar bith.
- Má bhíonn múinteoir úr ag tosacht sa scoil beidh cruinniú leis an fhoireann ar dtús. Tugtar eolas don múinteoir faoin rang agus an scoil. Cuirfidh an príomhoide an múinteoir úr in aithne don rang.

## **Obair Bhaile**

Beidh an obair bhaile a thugtar do na páistí ag brath ar ábaltachta an pháiste.

## **An Curaclam agus Imeachtaí Scoile**

Tugtar deis do buachaillí agus cailíní na rudaí ceanna a dhéanamh i ngach gné den churaclam agus saol na scoile.

m.sh. - peil a imirt  
- dul ar na turais ceanna  
- damhsa agus ceol

Tá measúnú fóirsteanach a úsáid do gach páiste sa scoil.

## **Ag Aistriú go dtí an Meán Scoil**

Bíonn cruinniú ag an príomhoide le príomhoide na Pobal Scoile le láidreachtaí agus laigeachtaí na bpáistí a phlé chun go mbeidh an aistriú furast don pháiste.

